Líon an Dúlra

Eagrán 20 Samhradh 2017

San Eagrán seo...

An Gheabhróg

Smugairle an Chompáis

Plean Uile-Éireann na bPailneoirí

Beacha agus Sláinte

Dathaigh Leat

Cabáiste

Grianghraf le caoinchead Robbie Murphy

Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Chomhshaoil

An Gheabhróg

Ainm Eolaíochta: *Sterna Hirundo*

Éan mara is ea an gheabhróg. Tagann sí ar imirce go hÉirinn thart ar mhí Aibreáin chun pórú. Imíonn sí ar ais chuig iarthar nó deisceart na hAfraice thart ar mhí Dheireadh Fómhair.

Éan an-ghrástúil is ea an gheabhróg. Bíonn gob caol uirthi, corp sruthlíneach, sciatháin fhada chaola agus eireaball gabhlach biorach. Is tréithe iad sin a chuireann ar a cumas eitilt go han-tapa ar fad, fiú nuair a bhíonn gaoth láidir ann. Chomh maith leis sin, bíonn sí in ann tumadh isteach san uisce ar ardluas agus í ar thóir éisc bheaga.

Bíonn dath liath ar uachtar a colainne agus dath geal ar an gcuid íochtair. Bíonn caipín dubh ar a baithis agus reanna dubha ar na sciatháin aici. Gob biorach dearg, nó deargoráiste a bhíonn uirthi agus bíonn cosa fada dearga fúithi.

Is nós leis an ngeabhróg a nead a dhéanamh ar dhuirling nuair is féidir. Déanann sí log beag ina mbeireann sí a cuid uibheacha agus bíonn foscadh le fáil ansin ó ngaoth. Ubh bhreac liathdhonn a bheireann an gheabhróg. Agus í ina luí sa nead is deacair an ubh a aithint thar na clocha mórthimpeall uirthi ar an duirling. Is iontach an chosaint é sin ar na creachadóirí a d'alpfadh na huibheacha siar.

I gCuan Bhaile Átha Cliath cuirtear raftaí speisialta, ar a dtugtar pontúin, ar snámh san uisce. Scaiptear mionchlocha ar na pontúin mar a bheadh ar dhuirling ar mhaithe leis an ngeabhróg a mhealladh chun a nead a dhéanamh orthu.



Íomhá le caoinchead Robbie Murphy

Dathaigh mé!

Sceitseanna le caoinchead Audrey Murphy, Stáisiún Mara Inis Arcáin

Fíricí maidir leis an nGeabhróg

Dath: Bíonn dath liath ar uachtar a colainne agus dath geal ar an gcuid íochtair. Bíonn caipín dubh ar a baithis agus dath dearg a bhíonn ar a cosa agus ar a gob.
Fad: 34-37 cm
Bia: Éisc de chineálacha éagsúla – corra gainimh agus saláin den chuid is mó.
Gnáthóg: Taobh leis an gcósta de ghnáth. Uaireanta faightear cois abhann nó cois locha í istigh faoin tír.
Líon na n-uibheacha: 2-3

An Gheabhróg – Na Speicis éagsúla in Éirinn

Faightear 5 speiceas den gheabhróg in Éirinn: an gheabhróg choiteann, an gheabhróg scothdhubh, an gheabhróg rósach, an gheabhróg bheag agus an gheabhróg Artach. Tá an gheabhróg Artach an-chosúil leis an ngeabhróg choiteann ach is féidir an dá speiceas a aithint óna chéile ach féachaint orthu go cúramach. Bíonn brollach geal bán ag an ngeabhróg choiteann agus gob oráiste ar a bhfuil rinn dubh. Bíonn cluimhreach na geabhróige Artaí beagáinín níos dorcha ná mar a bhíonn ag an ngeabhróg choiteann agus dath liath ar a brollach. Dath craorag a bhíonn ar a gob agus bíonn a cosa an-ghearr.

Déanann an gheabhróg Artach turas níos faide ná ainmhí ar bith eile ar domhan nuair a théann sí ar imirce. Den chuid is mó, is san Artach féin a phóraíonn sí, ach ó am go chéile póraíonn sí chomh fada ó dheas le hÉirinn. Gach bliain eitlíonn an gheabhróg Artach ón áit ina bpóraíonn sí san Artach chomh fada ó dheas leis an Antartach agus ar ais go dtí an tArtach arís sa gheimhreadh.

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

An Smugairle Róin

Ainmhí mara is ea an smugairle róin a bhfuil corp bog glóthaí aige. Baineann sé le grúpa ainmhithe ar a dtugtar *cnidaria* – an grúpa céanna lena mbaineann an bundún leice.

Is féidir speicis áirithe a aithint go furasta ó na marcanna ar a gcolainn agus ó na dathanna a bhíonn orthu.

An clog a thugtar ar an gcuid uachtair den cholainn a bhíonn ar chruth parasóil nó scáth báistí. Ar crochadh thíos faoin gclog a bhíonn na braiteoga agus géaga eile an choirp.

Baineann an smugairle róin úsáid as na braiteoga chun breith ar bhia agus chun é féin a chosaint ar ainmhithe eile. Uaireanta bíonn cealg contúirteach sna braiteoga, mar sin, is fearr gan lámh a leagan ar smugairle róin riamh ar eagla na heagla. Tá eolas ar fáil faoi chealga smugairlí róin agus an chóir leighis ba cheart a chur ar dhaoine ina gcomhair ar fáil anseo: http://www.iws.ie/beach/jellyfish-safty.321.html

Na Braiteoga

Baineann an smugairle róin úsáid as na braiteoga chun breith ar bhia agus chun é féin a chosaint.



Géaga an Bhéil
Iad ar crochadh faoin gclog agus na braiteoga timpeall orthu.

Smugairle an Chompáis

Ainm Eolaíochta: *Chrysaora Hyscoella*

Ó mhí Iúil go mí Meán Fómhair bíonn smugairle an chompáis le feiceáil go forleathan san fharraige timpeall na tíre ar fad. Snámhann sé gar do dhromchla na farraige amuigh san fharraige mhór agus in aice leis an gcladach áit nach mbeadh an t-uisce chomh domhain céanna. Is minic a fhágann an taoide na scórtha díobh ar an gcladach.

Smugairle róin cuibheasach mór atá ann, uaireanta fásann sé suas le 30 cm ar trastomhas. Is furasta smugairle an chompáis a aithint. Dath crón, nó buí féin a bhíonn ar an gclog, is é sin, an chuid uachtar den chorp atá ar cruth parasóil. Bíonn patrún suaithinseach ar an gclog a thabharfadh aghaidh cloig nó compáis chun cuimhne. Bíonn spota mór donn sa lár agus baill fhada i gcruth V timpeall air sin agus dath donn orthu. Bíonn marcanna donna timpeall ar chiumhais an chloig agus fásann 24 braiteog fada ina mbraislí de thrí bhraiteog timpeall ar an gciumhais chomh maith.

Bíonn na géaga eile ar fad ar crochadh ón gclog: bíonn ceithre ghéag mhóra rufacha ann agus an béal i bhfolach fúthu sin. Chomh maith leo sin bíonn ocht mball chéadfacha ann. Bíonn cealla gathacha ar na géaga agus na braiteoga araon. Itheann smugairle an chompáis planctón, péisteanna agus smugairlí róin bheaga eile.

Íomhá le caoinchead Paul Kay, Stáisiún Mara Inis Arcáin

Sceitseanna le caoinchead Stáisiún Mara Inis Arcáin

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Plean Uile-Éireann na bPailneoirí

Tá géarchéim in Éirinn faoi láthair! Tá na beacha i gcruachás ceart ar fud na tíre. Tá an scéal chomh dona sin go bhfuil speicis áirithe bheach i mbaol a ndíothaithe anois. Ach cén fáth ar ghéarchéim dúinne é na beacha a bheith i mbaol a ndíothaithe? Murach na beacha ní fhásfadh bláth fiáin ar bith sa tír. Ba bhocht an scéal é mura mbeadh bláth ar bith le feiceáil timpeall na tíre, ach tá an scéal i bhfad níos tromchúisí ná sin. Murach na beacha is beag toradh nó glasra a d'fhásfadh ach oiread!

Tháinig scata saineolaithe le chéile in 2015 agus cheapadar plean chun na beacha a thabhairt slán; Plean Uile-Éireann na bPailneoirí 2015-2020. Tá roinnt moltaí ón bplean ar an leathanach seo maidir le rudaí a d'fhéadfadh daoine a dhéanamh ina gcuid gairdíní féin, ar scoil agus in áiteanna eile chun cabhrú leis na beacha.

Cad is pailniú ann?

Pailin a thugtar ar an bpúdar a fhaightear laistigh de bhláth. Nuair a aistrítear an phailin ó bhláth amháin go dtí bláth eile den chineál céanna toirchítear an planda agus bíonn sé ábalta síolta nó torthaí a thabhairt.

Ní féidir leis an mbláth an phailin a aistriú é féin, dar ndóigh. Ach tá slite cliste eile acu chun an phailin a aistriú.

I gcás plandaí áirithe bíonn an phailin chomh héadrom sin go n-iompraíonn an ghaoth í ó bhláth go bláth. Sin é mar a tharlaíonn sé i gcás an fhéir mar shampla. Is í an phailin ó na plandaí sin is cúis leis an bhfiabhras léana a bhíonn ar dhaoine sa samhradh.

Tá cleas eile ag plandaí eile, fásann bláthanna geala orthu ar a mbíonn boladh cumhra. Meallann sé sin beacha agus feithidí eile chucu agus is iad sin a aistríonn an phailin ó bhláth go chéile, pailneoirí a thugtar orthu.

Cad is Pailneoir ann?

San Eoraip is feithidí, agus na beacha go háirithe, a dhéanann an pailniú den chuid is mó. Gabhann na beacha timpeall ó bhláth go bláth ar thóir neachtair. Is é an neachtar an sú milis siúcrúil a bhíonn le fáil sna bláthanna. Is breá leis na beacha an neachtar agus is uaidh sin a fhaigheann siad an fuinneamh a theastaíonn uathu.

Agus í ag gabháil ó bhláth go bláth greamaíonn an phailin de ribí ar chorp na beiche. Nuair a bhíonn na ribí clúdaithe le pailin, smearann an bheach seile ar a cosa tosaigh agus scuabann sí an phailin ina liathróid greamaitheach ar a cosa deiridh. Tugann sí an phailin sin ar ais go dtí an nead, nó an choirceog ansin. Bia breá saibhir is ea an phailin agus stóráiltear sa choirceog é chun na larbhaí, na beacha óga, a bheathú.

Agus í i mbun oibre mar sin, ag sú neachtair agus ag bailiú pailine, bíonn an bheach mar a bheadh fear an phoist ann. Déanann sí an phailin a sheachadadh ó bhláth go bláth. Nuair a aistríonn an bheach pailin ó bhláth amháin go dtí bláth eile den chineál céanna toirchítear an bláth agus bíonn sé ábalta síolta a thabhairt. Fásann a thuilleadh plandaí ansin agus cuirtear tús leis an timthriall arís.

Tabhair lámh chúnta do na beacha.

Seo roinnt rudaí is féidir a dhéanamh chun beacha a mhealladh go dtí an gairdín agus iad a choimeád sona sásta ann.

1. Cuir neart bláthanna éagsúla i bpotaí timpeall na scoile nó sa ghairdín.

2. Cuir tor ag fás a thagann faoi bhláth go luath san earrach. Cuirfidh sé sin neart bia ar fáil do chráinbheacha ocracha.

3. Cuir torthaí agus glasraí ag fás – sútha talún, sútha craobh, piseanna, cúirséid nó úlla. Is breá leis na beacha na plandaí sin.

4. Is breá leis na beacha an caisearbhán agus fiailí eile. Lig dóibh fás in áit iad a bhaint.
5. Cuir ionaid shábháilte ar fáil do na bumbóga agus na beacha aonair eile chun nead a dhéanamh – fálta sceach, poirt loma cré, adhmad pollta, nó boscaí neadaithe.



6. Ná cuir isteach ar neada beach ná ar bheacha atá ina gcodladh.
7. Ná bain úsáid as ceimiceáin chun lotnaidí ná fiailí a mharú.

8. Cuir daoine ar an eolas maidir leis an tábhacht a bhaineann leis na beacha.
9. Glac páirt i gClár Bithéagsúlachta na Scoileanna Glasa nó in *Eco-Schools* .

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Beacha agus Sláinte!

Is pailineoiri iontacha iad na beacha, beireann siad an phailin ó phlanda go planda. Seo cuid de na plandaí is mó a thaitníonn leis na beacha. D'fhéadfá cuid acu a chur nó a fhás sa ghairdín. Is iad na beacha a bheidh buíoch díot!

Grianghraif le caoinchead Robbie Murphy

Bláthanna Úll
Is aoibhinn leis na beacha bláthanna úll. Is de bharr go ndéanann na beacha pailniú ar na bláthanna a fhásann na húlla féin.

An Caisearbhán
Bíonn daoine den tuairim gur fiailí iad na caisearbháin, ach is breá leis na beacha iad!

An Feochadán
Is ilbhliantóg é an feochadán agus bíonn sé lán le pailín.

Seamair
Fásfaidh seamair sa ghairdín má fhágann tú cuid den fhéar gan lomadh. Is breá leis na beacha an tseamair bhán go háirithe.

An Sceach Gheal
Cuireann na beacha fáilte mhór roimh an sceach gheal san earrach tar éis dóibh múscailt as a gcodladh geimhridh.

Eidhneán
Bíonn an t-eidhneán faoi bhláth i mí Lúnasa agus mí Dheireadh Fómhair. Is foinse thábhachtach neachtair é don bheach sula dtagann an geimhreadh.

Bláthanna Sailí
Bíonn an tsaileach faoi bhláth go luath san earrach. Is foinse thábhachtach bia í do na beacha nuair nach mbíonn mórán bláthanna eile amuigh go fóill.

An Sabhaircín
Bíonn an sabhaircín faoi bhláth go luath san earrach.

An Lus Liath
Is breá leis na beacha bláthana cumhra na luibhe seo.

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Cabáiste

Le Borbála Vizkelety

Ainm Eolaíochta: *Brassica Oleracea*
Ainm Malartach Gaeilge: *Cál*

Aithníonn gach duine an glasra seo, cabáiste. Is breá le cuid againn é ach is fuath le daoine eile é.

Is garghaol é an cabáiste le cóilis, le brocailí agus leis an mbachlóg Bhruiséile. Baineann na glasraí sin uile, mar aon le go leor bláthanna fiáine, le fine an chabáiste.

De ghnáth, fásann na duilleoga ina gceirtlín dlúth. Cruth cruinn nó ubhchruthach a bhíonn ar an gceirtlín agus bíonn idir 0.5 kg agus 4 kg meáchain ann de ghnáth. Meáchan 62.71 kg a bhí sa cheann is mó a taifeadadh riamh.

Faightear tuairim is 100 speiceas de chabáiste ar fud an domhain. Bíonn dathanna éagsúla ar na duilleoga ar speicis éagsúla, dath glas, bán, nó corcra féin ag brath ar an speiceas. Uaireanta bíonn na duilleoga sin mín agus uaireanta eile rocánach. Uaireanta fásann siad ina gceirtlín dlúth, uaireanta go scaoilte.

Tá an cabáiste ar cheann de na glasraí is sine dá bhfuil ann. Tháinig sé chun cinn ar dtús san Eoraip tuairim is 4000 bliain ó shin i réigiún na Meánmhara. Tá acmhainn iontach ag an bplanda chun é féin a chur in oiriúint do réimsí éagsúla aeráide. Sin é faoi deara an éagsúlacht mhór a fhaightear i measc na speiceas éagsúil.

Roghnaigh ceirtlín úr folláin i gcónaí agus tú ag ceannach cabáiste. Má bhaineann tú na duilleoga ceann ar cheann, mairfidh an croí úr go ceann i bhfad.

Cabáiste a Chócaráil

Is féidir cabáiste a chócaráil ar go leor bealaí; é a ghalú nó a bhruith, galstobhadh a dhéanamh air nó é a líonadh. Is féidir é a shuaithfhriochadh fiú. Go deimhin, ní gá é a chócaráil in aon chor, is féidir é a ithe agus é amh ann féin nó i sailéad. Déantar cabáiste a phicilt chomh maith chun *sauerkraut* nó *kimchi* a dhéanamh as.

Sa Rúis itheann daoine níos mó cabáiste ná áit ar bith eile ar domhan. Creid é nó ná creid, ar an meán itheann daoine 20 kg cabáiste an duine sa bhliain. Bíonn an-tóir ar an gcabáiste sa Bheilg, san Ísiltír agus sa Spáinn chomh maith. Uaireanta itear an cábáiste in éineacht le bia eile agus uaireanta eile baintear úsáid as an gcabáiste chun béile ar leith a réiteach.

In Éirinn ba nós cabáiste a ithe le bagún agus é bruite. Baineann cál le fine an chabáiste leis, is féidir cál nó cabáiste a úsáid chun cál ceannann a dhéanamh. Itheann daoine cál ceannann ar Lá Fhéile Pádraig fós.

Cabáiste a Fhás

Tá an oiread sin cineálacha cabáiste i bhfine an chabáiste gur beag am den bhliain nach mbeadh cabáiste de chineál éigin ar fáil. Bíonn cineálacha ar leith i séasúr san earrach agus cineálacha eile sa gheimhreadh. Is planda crua é agus is furasta é a fhás ach an talamh a bheith breá méith. Má fhaigheann siad seans in aon chor déanfaidh boilb, drúichtíní agus éin craos ar an gcabáiste, mar sin, ní mór é a chosaint orthu ar shlí éigin de ghnáth.

Cabáiste, déanfaidh sé maitheas duit!

Dhéanfadh sé maitheas dúinn ar fad níos mó cabáiste a ithe mar is bia breá folláin é. Tá sé lán le vitimíní agus mianraí; vitimín C, cailciam agus iarann go háirithe. Níl saill ar bith ann, ná níl mórán calraí ann ach oiread, ach tá neart snáithín ann. Ní hamháin sin ach tá sé breá blasta!

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.